— a ordú don chosantóir méid iomlán EUR 100 000 leis mar chúiteamh as an damáiste neamhábhartha a bhain di; agus,

— a ordú don chosantóir na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

Chun tacú leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir saincheisteanna dlí mar seo a leanas.

1. An chéad shaincheist dlí, lena n-éilítear lochtanna nóis imeachta:

   — sárú ar phrionsabal na neamhchlaontachta, prionsabal an chomhionannais maidir leis an nós imeachta atá le leanúint chun measúnú a dhéanamh orthu siúd atá molta ag an Ardchomhairle Breithiúnach, buncheanglais nós imeachta Airteagail 1 go 3 de Chinneadh Uimh. 013/2020 ón gcomhlacht coláisteach maidir leis an nós imeachta chun Ionchúisitheoirí Eorpacha a thoghadh, an oibleagáid miontuairiscí an agallaimh a choinneáil agus an ceart chun éisteacht a fháil.

2. An dara saincheist dlí, lena n-éilítear lochtanna sa ráiteas ar chúiseanna na gcinntí atá faoi chonspóid.

3. An tríú saincheist dlí, lena n-éilítear earráid mheasúnaithe fhollasach agus barraíocht cumhachtaí lánroghnacha.

4. An ceathrú saincheist dlí, lena n-éilítear mí-úsáid cumhachtaí.

---

**Caingean arna tabhairt an 12 Iúil 2022 — PV v Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh**

**(Cás T-443/22)**

(2022/C 380/20)

*Teanga an cháis: an Gréigis*

**Páirtithe sna himeachtaí**

*Iarratasóir:* PV (ionadaí: P. Yatagantzidis, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— na cinntí atá faoi chonspóid a neamhniú, eadhon (a) Cinneadh Uimh. 015/2022 an 23 Márta 2022 lena ndiúltaítear do chinneadh chomhlacht coláisteach an chosantóra an 3 Nollaig 2021 i gcoinne Chinneadh Uimh. 090/2021 agus Cinneadh an 8 Meán Fómhair 2021 ó chomhlacht coláisteach an chosantóra, (b) Cinneadh Uimh. 090/2021 an 8 Meán Fómhair 2021 ó chomhlacht coláisteach an chosantóra, (c) Cinneadh Uimh. 021/2022 an 30 Bealtaine 2022 ó chomhlacht coláisteach an chosantóra agus (d) gach gníomh gaolmhar nó neamhghníomh gaolmhar eile de chuid chomhlachtaí an chosantóra;

— a ordú don chosantóir méid iomlán EUR 100 000 leis mar chúiteamh as an damáiste neamhábhartha a bhain di; agus,

— a ordú don chosantóir na costais a íoc.

**Saincheist dlí arna maíomh**

Chun tacú leis an gcaingean, tá an t-iarratasóir ag brath ar na saincheisteanna dlí céanna a mhaíodh i gCás T-442/22 *PU v Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh*.

---